**RÚN (AE) 2023/1830 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 10 Bealtaine 2023**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn V – an Chúirt Iniúchóirí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn V – an Chúirt Iniúchóirí,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0081/2023),

A. de bhrí gurb í an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') iniúchóir seachtrach an Aontais, a gcuirtear mar chúram air, trí obair iniúchóireachta neamhspleách, ghairmiúil agus iarmhartach measúnú a dhéanamh ar gheilleagar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, dhlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíocht an Aontais d'fhonn an chuntasacht, an trédhearcacht agus an bhainistíocht airgeadais a fheabhsú, agus leis sin, feabhas a chur ar mhuinín na saoránach agus freagairt éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin roimh an Aontas faoi láthair agus amach anseo;

B. de bhrí, gan dochar d'fhorálacha Airteagail 287 agus 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ó bhí deireadh na bliana airgeadais 1987 ann, go ndéanann iniúchóir seachtrach neamhspleách cuntais ioncaim agus caiteachais na Cúirte a iniúchadh gach bliain agus, ón uair a foilsíodh an tuarascáil ar an mbliain airgeadais 1992, go bhfuil tuarascálacha an iniúchóra á bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

C. de bhrí go soláthraítear cuntasacht bhainistíochta i leith na n-údarás buiséadach trí thuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil Ardrúnaí na Cúirte arb é is cuspóir di, i gcomhréir le hAirteagal 74(9) den Rialachán Airgeadais, faisnéis a sholáthar faoi bhainistiú na n-acmhainní, lena n-áirítear bainistiú na gcóras, agus faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh na Cúirte;

D. de bhrí gur mian leis an údarás um urscaoileadh, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh tríd an trédhearcacht agus an chuntasacht a fheabhsú, agus trí bhuiséadú ar bhonn feidhmíochta agus dea-rialachas acmhainní daonna, mar choincheap, a chur chun feidhme;

E. de bhrí go rannchuidíonn an Chúirt, trí fheidhmiú ar bhealach trédhearcach agus neamhspleách, le maoirseacht dhaonlathach, díospóireacht phoiblí agus fóntacht bhainistiocht airgeadais an Aontais;

F. de bhrí gur ghlac an Chúirt an seasamh a deir gurbh é an réiteach ab fhearr, maidir le measúnú a dhéanamh ar rialachas an Aontais, ar a chuntasacht agus a thrédhearcacht agus ar cháilíocht agus iontaofacht na faisnéise agus na sonraí a thuairiscítear maidir le cur chun feidhme na mbeartas Aontais, go sainordófaí don Chúirt iniúchóireacht a dhéanamh ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais a cuireadh ar bun leis nó faoi na Conarthaí, agus ar na struchtúir idir-rialtasacha uile atá fíorábhartha d'fheidhmiú an Aontais; de bhrí go mba gheal leis an gCúirt ar an ábhar sin aon tionscnamh faoina gcuirfí sainordú níos leithne ar iontaoibh na Cúirte;

1. Ag tabhairt dá haire go dtagann buiséad na Cúirte faoi cheannteideal Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 7, 'An Riarachán Poiblí Eorpach', arbh ionann é agus EUR 10,7 billiún san iomlán in 2021 (arbh ionann é agus 5,9 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais); ag tabhairt dá haire go seasann buiséad na Cúirte do thart ar 1,5 % de chaiteachas iomlán an Aontais ar riarachán, níos lú ná 0,1 % de chaiteachas iomlán an Aontais;

2. Ag tabhairt dá haire go luann an Chúirt go léiríonn a chuid oibre le roinnt mhaith blianta gur caiteachas ar bheagán riosca, tríd is tríd, a thagann faoi CAI, ceannteideal 7;

3. Á chur in iúl gurb eol di gur iniúchóir seachtrach neamhspleách a dhéanann iniúchóireacht ar chuntais bhliantúla na Cúirte chun prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta a chur i bhfeidhm, na prionsabail chéanna a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag an gCúirt ar a hiniúchaithe féin; ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, nár thuairiscigh an t-iniúchóir seachtrach aon shaincheist shonrach, bunaithe ar iniúchadh na Cúirte;

**Bainistiú buiséadach agus airgeadais**

4. Ag tabhairt dá haire gur EUR 153 721 727 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na Cúirte do 2021, méadú bídeach 0,97 % i gcomparáid le buiséad EUR 152 237 000 in 2020, de bharr oiriúnuithe tuarastail den chuid is mó;

5. Ag tabhairt faoi deara go ndearnadh 96,65 % den bhuiséad a chur chun feidhme, ráta ard, i gcomparáid le 95,70 % in 2020, agus gur íocaíochtaí ab ea 94,45 % de na gealltanais uile, i gcomparáid le 94,12 % in 2020; á chur i bhfios go láidir go raibh meánam íocaíochta 10,7 lá ann in 2021 agus sciar 19 % de shonraisc leictreonacha, i gcomparáid le 11 % in 2020;

6. Á lua gur leithreasuithe EUR 8 242 668 a tugadh anonn go 2021, arbh ionann é agus 5,55 % de na gealltanais uile, i gcomparáid le EUR 8 565 175 agus 5,88 % in 2020; ag tabhairt faoi deara gur thug méid na leithreasuithe a tugadh anonn go huathoibríoch ó 2020 go 2021 ráta úsáide 91,70 % in 2021, i gcomparáid le 92,24 % in 2020;

7. Ag tabhairt dá haire go raibh tionchar in 2021 ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíocht na Cúirte, agus, mar thoradh air sin, gur tháinig laghdú ar úsáid leithreasuithe i gcás línte áirithe, agus gurbh éigean caiteachas breise a dhéanamh i gcás línte eile de bharr na géarchéime sláinte; ag tabhairt dá haire, dá réir sin, in imeacht 2021, go ndearna an Chúirt 30 aistriú buiséadach arbh ionann iad agus EUR 4 397 588 ar an iomlán, agus é mar aidhm aici cistí a ath-leithdháileadh chun riachtanais shonracha a mhaoiniú;

8. Ag tabhairt faoi deara gur bhain an caiteachas breise in 2021 i gcomparáid le 2020 le trealmhú áitribh (+ 294,55 %), slándáil (+ 167,55 %), TF (+ 12,34 %) agus trealamh agus suiteáil theicniúil (+ 31,85 %), de bhrí go ndearnadh an coigealtas ar laghdú ar chaiteachas ar mhisin (– 48,83 %), foilseacháin (– 41,29 %), comhsheirbhís ateangaireachta agus comhdhála (– 61,54 %) agus seirbhís dlí (– 75 %); á chur i bhfáth go raibh ráta úsáide 25,03 % de na leithreasuithe críochnaitheacha le haghaidh misin foirne ann in 2021, i gcomparáid le 23,94 % in 2020, de bharr ghéarchéim phaindéim COVID-19 a chuir cosc ar iniúchóirí taisteal; á mheabhrú don Chúirt gach beart is féidir a dhéanamh chun a áirithiú go n-úsáidtear leithreasuithe misin i ndianchomhlíonadh phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta;

**Bainistiú inmheánach, feidhmíocht agus rialú inmheánach**

9. Á mheabhrú straitéis na Cúirte don tréimhse 2021-2025, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil dlús curtha ag an gCúirt lena hiarrachtaí an úsáid is fearr is féidir a dhéanamh den nuatheicneolaíocht agus de theicnící nua san iniúchadh d'fhonn breis faisnéise agus faisnéis níos fearr a sholáthar maidir le próiseas na cuntasachta; á chur in iúl gur geal léi cumas na Cúirte obair iniúchóireachta allamuigh a dhéanamh, d'ainneoin na srianta taistil agus na mbeart sláinte poiblí a raibh tionchar láidir acu ar a n-iniúchtaí ar an láthair, agus an úsáid mhéadaithe a baineadh as cianiniúchóireacht a d'fhág go rabhthas in ann idirghníomhaíocht fhóinteach a dhéanamh le geallsealbhóirí agus torthaí a bhaint amach go tráthúil; á chur i bhfios gur le leas na Parlaiminte faireachán éifeachtach agus tráthúil a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis na Cúirte don tréimhse 2021-2025 chun an chomhsheasmhacht leis na caighdeáin trédhearcachta agus chuntasachta is airde a ráthú agus chun sheirbhís iniúchóireachta poiblí éifeachtach a sholáthar san Aontas; á chreidiúint go mbeidh dearadh táscairí feidhmíochta agus sainiú garspriocanna agus torthaí intomhaiste ag teastáil don fhaireachán sin tráth a bhunaítear an na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear sa straitéis agus tráth a dhéantar tuairisciú tréimhsiúil ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na straitéise, lena n-áirítear athbhreithniú meántéarmach agus athbhreithniú piaraí;

10. Ag tabhairt faoi deara go ndearnadh 1 156 lá d'obair iniúchóireachta allmuigh ar an talamh in 2021, i gcomparáid le 1 817 in 2020 agus 6 109 in 2019; á lua gur fhan líon na bpríomhtháirgí insoláthartha gan athrú nó gur fheabhsaigh sé i gcásanna áirithe i gcomparáid leis na blianta roimhe, mar shampla, d'eisigh an Chúirt 256 mholadh in 2021 i gcomparáid le 189 in 2020, thíolaic sí 7 dtuarascáil bhliantúla in 2021, amhail in 2020, agus thíolaic sí 27 dtuarascáil speisialta i gcomparáid le 26 in 2020, agus ag an am céanna gur laghdaigh líon na dtuairimí go 2 in 2021 ó 11 in 2020 agus gur laghdaigh líon na n-athbhreithnithe go 5 in 2021 ó 6 in 2020;

11. Á chur in iúl gur geal léi an próiseas machnaimh inmheánaigh a seoladh chun feabhsuithe a shainaithint d'fhonn sprioc nach faide ná 13 mhí a bhaint amach maidir le tuarascálacha speisialta a ullmhú agus a dhréachtú trí raon feidhme na hiniúchóireachta a shainiú níos fearr nó a laghdú, trí fhaireachán ar dhul chun cinn na hiniúchóireachta a dhéanamh níos géire, trí fhad na nósanna imeachta athbhreithnithe inmheánacha a laghdú gan difear a dhéanamh do leibhéal na cáilíochta, agus trí thréimhsí fógartha agus scaipthe a ghiorrú nó deireadh ar fad a chur leo más féidir;

12. Ag tabhairt faoi deara gur ghlac an Chúirt a plean forbartha don tréimhse 2021-2025 a bhfuil sé mar aidhm leis úsáid níos fearr a dhéanamh den teicneolaíocht agus de shonraí san iniúchóireacht, agus béim á leagan ar úsáid mhéadaithe sonraí agus cuspóirí a leagan amach don tréimhse sin i ndáil le húsáid na teicneolaíochta chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí iniúchóireachta na Cúirte; á chur in iúl gur geal léi cruthú fhoireann DATA – Sonraí agus Teicneolaíocht don Iniúchóireacht – atá chomhdhéanta de shaineolaithe, eolaithe sonraí agus iniúchóirí TF, agus é mar aidhm acu tacaíocht a thabhairt d'fhoirne iniúchóireachta agus a bheith freagrach as spreagadh a thabhairt do dhigiteáil obair iniúchóireachta na Cúirte; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí suntasacha atá á ndéanamh ag an gCúirt a hacmhainn TF a fheabhsú d'fhonn próisis chasta anailísíochta sonraí a dhéanamh;

13. Á chur in iúl gur mór aici cur chuige na Cúirte maidir lena straitéis a bhunú ar a hanailís ar threochtaí, ar an measúnú atá déanta aici ar rioscaí agus ar na tosaíochtaí atá ag na geallsealbhóirí institiúideacha agus ag iniúchaithe institiúideacha; á chreidiúint gur cheart cuíchóiriú agus comhordú a bheith á dhéanamh ar an idirphlé idir an Chúirt agus an Pharlaimint chun topaicí spéise agus tosaíochtaí a shainaithint chun comhsheasmhacht agus cumhdach leordhóthanach na mórcheisteanna comhaontaithe a ráthú agus dúbailt agus forluí a sheachaint; á chur in iúl gurb eol di go mbíonn neamhspleáchas iomlán ag an gCúirt maidir lena clár oibre a bhunú, cé go mbaineann sí leas as ionchur ón bParlaimint, a chuirtear ar fáil trí Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí, comhdháil de chuid na Parlaiminte; á chreidiúint gur cheart clár oibre na Cúirte a cheapadh chun anailís níos éifeachtaí a chur ar fáil go sonrach i ndáil le roinnt tosaíochtaí arna sainaithint chun níos mó solúbthachta a thabhairt dó maidir leis an ualach oibre tábhachtach ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) amach anseo; á mheabhrú nár cheart acmhainní na Cúirte a úsáid chun tuarascálacha speisialta a iolrú ach chun díriú níos mó ar thuarascálacha speisialta a ullmhú a bhaineann leis an staid agus na dúshláin Eorpacha atá ann faoi láthair amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), Next Generation EU (NGEU), an comhrac i gcoinne phaindéim COVID-19 agus bainistiú custaim;

14. Á aithint go bhfuil anailís measúnaithe riachtanas déanta ag an gCúirt agus gur iarr sí méadú ar líon na bpost iniúchóireachta do 2023, agus go bhfuil an 20 post sa bhreis a fuair sí i bplean bunaíochta 2022 chun spriocdhíriú ar NGEU á líonadh aici; á aithint go mbeidh ualach oibre breise don Chúirt ag gabháil le NGEU agus gur chuir an Chúirt in iúl go bhfuil sé i gceist aici díriú, go háirithe, ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF); á chur in iúl gurb oth léi go mór nach ndéanann na forálacha um rialú buiséadach atá á mbeartú ag an gComhairle sa Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta foráil do shainphribhléidí leordhóthanacha iniúchóireachta don Chúirt i dtaca le caiteachas na mBallstát;

15. Á chreidiúint gur cheart go soláthrófaí anailís níos éifeachtaí le hobair na Cúirte ar institiúidí eile an Aontais, toisc gur cuid ábhartha iad den nós imeachta um urscaoileadh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim maidir leis an gceannteideal 'riarachán poiblí Eorpach' a iniúchadh, gur fíor go meastar gur ceannteideal caiteachais íseal-riosca é agus nár thug sé earráid os cionn thairseach an ábharachais go fóill, ach go gcuirfí níos mó faisnéise ábhartha ar fáil don údarás um urscaoileadh ná an méid a chuirtear ar fáil faoi láthair dá ndéanfaí le cur chuige difriúil é, nach n-éileodh measúnú ar leith gach bliain b'fhéidir i gcás gach institiúid ar leith;

16. Á aithint maidir le hathruithe a bhaineann leis an gcéad CAI eile, le RRF agus le NGEU, go mbeidh maoiniú agus úsáid bhuiséad an Aontais i gceist leo, lena n-áirítear cineálacha nua acmhainní dílse, agus aistriú fónta ó rialacha incháilitheachta bunaithe ar chomhlíontacht go gnéithe a bheadh bunaithe ar fheidhmíocht, maidir le cuid mhaith de na réimsí beartais; á chur in iúl go dtuigtear di go dtabharfaidh an Chúirt faoi fhorbairt leanúnach ar a cur chuige agus a modheolaíocht i leith iniúchóireacht chun dearbhuithe láidir freisin a chur ar fáil sa chás sin atá ag athrú;

17. Ag spreagadh na Cúirte chun níos mó a dhéanamh ar mhaithe le cur i gcoinne calaois maidir le buiséad an Aontais, ní hamháin trí shainaithint agus tuairisciú a dhéanamh ar na laigí is cúis le baol calaoise a bheith ann maidir le cláir atá á maoiniú ag an Aontas, ach freisin tríd an díospóireacht atá ar siúl faoi láthair i measc geallsealbhóirí atá páirteach in ailtireacht frithchalaoise an Aontais a chur san áireamh agus trí obair iniúchóireachta níos déine a dhéanamh i gcomhar leis na comhlachtaí a bhfuil brath calaoise mar chúram orthu, gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin a mheasúnú go rialta agus aiseolas atá ábhartha dá anailís a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh;

18. Á chur in iúl go molann sí straitéis na Cúirte gealltanas a thabhairt maidir le moltaí a fhoirmliú ar chostéifeachtacht chun rannchuidiú le dímhaorlathú; á chur i bhfios go ndéanfar na spriocanna sin a fhreastal leis na moltaí ón gCúirt maidir le nósanna imeachta a dhéanamh níos éifeachtúla, leas a bhaint as an dea-chleachtas, an comhordú a fheabhsú, próisis chaighdeánacha a bhunú, an rórialáil a chosc agus trí shimpliú agus tríd an digiteáil go háirithe;

19. Á thabhairt chun suntais gur mhol an Chúirt, in 2021, an acmhainn anailíse agus chomhordúcháin a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar mheasúnuithe riosca agus bunachair sonraí riosca uile-Aontais a fhorbairt agus a chothabháil lena n-úsáid ag na Ballstáit; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá formhuiniú na Cúirte maidir leis na hiarrachtaí a rinneadh chun acmhainní éifeachtacha mianadóireachta sonraí a shaothrú chun anailís sonraí ar leibhéal an Aontais a dhéanamh agus rioscaí ábhartha don Aontas a shainaithint; á

thabhairt le fios go bhformhuiníonn sí tacaíocht na Cúirte do na Ballstáit chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na riarachán poiblí trí bhacainní rialála agus riaracháin a shainaithint agus an creat malartaithe faisnéise idir an tAontas agus na Ballstáit a fheabhsú; á iarraidh ar an gCúirt na ceanglais a shocrú ar den riachtanas iad chun na sonraí a bheidh ag teastáil chun iniúchóireacht a dhéanamh ar úsáid an chaiteachais phoiblí ag na Ballstáit a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil ar bhealach éasca agus idir-inoibritheach;

20. Á iarraidh ar an gCúirt leanúint dá hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar ghlaschlibeáil san RRF agus chun an RRF a mheasúnú ó thaobh í a bheith ailínithe le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide agus rannchuidiú leo agus ag tabhairt dá haire go n-áiríodh sna hiarrachtaí sin le déanaí tuarascálacha agus tuairimí speisialta a sholáthar maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus maidir le cur i bhfeidhm thacsanamíocht an Aontais Eorpaigh; á iarraidh ar an gCúirt cúraimí sonracha a chuimsiú trína measúnófar mar a rannchuidítear le straitéis dhigiteach agus claochlú digiteach an Aontais trí spriocanna na digiteála san RRF agus trína measúnófar tionchair na spriocanna sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár shainigh an Coimisiún modheolaíocht shoiléir go dtí an 21 Feabhra 2023 chun cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar airgeadais de bharr mainneachtain garsprioc nó garspriocanna is bun le híocaíochtaí a chomhlíonadh go sásúil;

**Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail foirne**

21. Ag tabhairt dá haire, i ndeireadh 2021, go raibh 853 phost bhuana agus shealadacha ag an gCúirt (amhail sna blianta roimhe sin) a raibh 527 díobh i ndlísheomraí iniúchóireachta, lena n-áirítear 104 phost in oifigí comhaltaí, agus go raibh 92 ghníomhaire ar conradh á bhfostú aici thairis sin agus 25 shaineolaí naisiúnta ar iasacht, i gcomparáid le 83 agus 15 faoi seach in 2020;

22. Ag tabhairt faoi deara gur choibhéis lánaimseartha 955 a bhí ag an gCúirt in 2021, agus go ndearnadh 749 díobh (a fhreagraíonn do 79 %) a imscaradh chun cúraimí iniúchóireachta a dhéanamh;

23. Ag tabhairt dá haire gur seoladh gníomhaíochtaí suntasacha in 2021 chun acmhainní a sholáthar i gcomhair NGEU a iniúchadh, go háirithe glao inmheánach ar léirithe spéise a seoladh i mí Mheán Fómhair 2021 agus glao ar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus gur cuireadh i gcrích an roghnú don liosta ionadaithe óna n-earcófaí 20 post sealadach breise agus go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh an próiseas ar fad curtha i gcrích le linn na chéad ráithe de 2023;

24. Ag tabhairt faoi deara, ar an 31 Nollaig 2021, go raibh ráta áitíochta 97,3 % sa Chúirt (bhí 23 de na 853 phost bhuana agus shealadacha sa Chúirt folamh agus oscailte le haghaidh earcaíochta) i gcomparáid le ráta 97,2 % ag deireadh 2020; á chur in iúl gur mór aici go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh i gcónaí chun leanúint leis an dianghníomhaíocht earcaíochta, agus go n-earcaíodh 80 fostaí nua, ina gcuimsítear 16 oifigeach, 21 ghníomhaire sealadach, 30 gníomhaire ar conradh agus 13 shaineolaí náisiúnta ar iasacht mar thoradh ar na hiarrachtaí sin in 2021;

25. Ag tabhairt dá haire go saothraítear agus go mbaintear amach cothromaíocht inscne ar fud na foirne, agus gur mná 50,76 % d'oifigigh agus 60,82 % den fhoireann shealadach, agus go bhfuil na leibhéil i gcás foireann ar conradh (47,83 % mná) agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (48 % mná) gar do na leibhéil sin; á chur in iúl gur mór aici staid dhearfach maidir leis an dáileadh inscní ar fud na bpost bainistíochta, go bhfuil 13 phost as 28 mar cheann caibinéid ag mná agus 4 phost stiúrthóra as 10 acu, ach, ag tabhairt dá haire, maidir le príomhbhainisteoirí, nár baineadh amach cothromaíocht go fóill agus gur ag mná atá 18 bpost as 50;

26. Á chur in iúl gur oth léi an easpa cothromaíochta inscne i ndáil le coláiste chomhaltaí na Cúirte; á chur i bhfios go gcumhdaítear comhionannas ó thaobh inscne mar bhunluachanna an Aontais in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á thabhairt chun suntais nach i mbeartais uile an Aontais amháin atá ról ag an gcomhionannas isncne, ach gur cheart ról a bheith aige in eagrú inmheánach a chuid institiúidí freisin; á mheas nach raibh sé inghlactha i stair na Cúirte, as 116 chomhalta, nár mhná iad ach 16 chomhalta; á aithint, áfach, go bhfuil an coláiste reatha níos gaire chun cothromaíocht inscne a bhaint amach, ós rud é gur mná iad 10 as 27 gcomhalta;

27. Á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil sé dúshlánach cothromaíocht inscne a bhaint amach toisc gurb iad na Ballstáit amháin atá freagrach as an ainmniúchán, agus ag tabhairt dá haire agus is oth léi nár sheol 13 Bhallstát bean chuig an gCúirt riamh; á iarraidh ar an gCúirt, áfach, anailís a dhéanamh ar a comhdhéanamh foriomlán d'fhonn an Chomhairle agus na Ballstáit lena mbaineann a chur ar an eolas ionas go ndéanfar cothromaíocht inscne a thabhairt san áireamh sa chinneadh ainmniúcháin; ag athdhearbhú a hiarrata go mbainfí cothromaíocht inscne amach agus ag spreagadh na n-údarás náisiúnta iarrthóirí d'inscne éagsúil a chur i láthair, agus é mar aidhm acu rud éigin gar don chothromaíocht inscne a bhaint amach i measc chomhaltaí na Cúirte;

28. Á chur in iúl gur oth léi go leanann an Chomhairle ar aghaidh arís agus arís eile le comhaltaí na Cúirte a ainmniú a dhiúltaigh an Pharlaimint dóibh; á chur i bhfios go láidir gur cheart measúnú na Parlaiminte ar oiriúnacht na n-iarrthóirí don Chúirt a mheas a bheith ceangailteach;

29. Á chur in iúl gur geal léi gur glacadh, in 2021, straitéis nua um éagsúlacht agus cuimsiú agus an beartas agus plean gníomhaíochta um éagsúlacht agus cuimsiú don tréimhse 2021-2025, ag tabhairt faoi deara go gcuimsítear critéar sa bheartas nua a bhaineann le measúnú feidhmíochta le haghaidh bainisteoirí maidir lena gcumas bainistíocht chuimsitheach a shaothrú agus éagsúlacht agus cuimsiú agus cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn; á chur in iúl go molann sí ainmniú comhalta den Chúirt, in 2021, den chéad uair riamh, mar ambasadóir míchumas agus gur eagraíodh, faoina urraíocht siúd, seachtain feasachta míchumas chun cultúr cuimsitheach a chur chun cinn;

30. Á chur in iúl gur geal léi an tsraith chuimsitheach táscairí agus spriocanna feidhmíochta a glacadh d'fhonn faireachán a dhéanamh ar thionscnaimh na Cúirte um éagsúlacht agus cuimsiú agus na suirbhéanna ar chomhionannas deiseanna agus ar rannpháirtíocht foirne; ag tabhairt dá haire gur léirigh an suirbhé deireanach sin dearcadh dearfach i measc thromlach na foirne i dtaca le cumhachtú, tacaíocht agus iontaoibh;

31. Á chur in iúl gur geal léi gur shínigh an Chúirt, ar an 14 Deireadh Fómhair 2021, Cairt Lucsamburg um an Éagsúlacht, téacs gealltanais náisiúnta a chuirtear in iúl d'aon eagraíocht i Lucsamburg ar mian léi gealltanas a thabhairt go ndéanfar an éagsúlacht a chothú agus a bhainistiú trí bhíthin gníomhaíochtaí nithiúla;

32. Ag tabhairt dá haire nár baineadh cothromaíocht gheografach amach fós laistigh d'fhoireann na Cúirte, rud a léiríonn deacrachtaí na Cúirte daoine a mhealladh chun oibre (agus chun cónaí) i Lucsamburg mar gheall ar an gcostas ard maireachtála, i measc nithe eile; á chur in iúl gur mór aici gur thosaigh an Chúirt ag cur glaonna ar léirithe spéise i nuachtáin dhigiteacha agus ar shuíomhanna post digiteacha i mBallstáit a bhfuil tearcionadaíocht acu sa Chúirt agus ag dul i dteagmháil leis na caibinéid ábhartha sa Chúirt i gcás na mBallstát a bhfuiltear ag spriocdhíriú orthu; ag tabhairt dá haire cur chuige réamhghníomhach na Cúirte maidir le saincheist na dtuarastal neamhiomaíoch a ardú d'fhonn teacht ar réitigh; ag spreagadh na Cúirte chun dul i dteagmháil le húdaráis náisiúnta trí bhuanionadaíochtaí na mBallstát chun an Aontais, chun leas níos déine a bhaint as na meáin shóisialta ar mhaithe lena nósanna imeachta earcaíochta a phoibliú agus a bheith rannpháirteach in aontaí gairme agus ócáidí cosúla sna Ballstáit a bhfuil tearcionadaíocht acu chun an Chúirt a phoibliú mar fhostóir; á chur in iúl go bhformhuiníonn sí a rannpháirtíocht i dtionscnamh an líonra Caidrimh le hOllscoileanna Eorpacha, mar uirlis chun tallann a mhealladh chuig institiúidí an Aontais atá bunaithe i Lucsamburg trí chomhthionscadail atá spriocdhírithe ar na hollscoileanna;

33. Ag tabhairt dá haire gur tuairiscíodh seacht gcás traochta d'oifigeach leighis na Cúirte in 2021, líon an-ard i dtuairim na Cúirte, agus a mheasann sí a bheith nasctha leis na dálaí oibre agus maireachtála eisceachtúla a forchuireadh le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt suirbhé chun tuiscint a fháil ar an tslí a ndeachaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar an bhfoireann agus gur sheol sí feachtas cumarsáide a bhfuil mar aidhm aige cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a chur chun cinn; á chur in iúl gur mór aici, i measc go leor tionscnamh, an leathnú ar thacaíocht shíceolaíoch le haghaidh baill foirne;

34. Á chur in iúl gur geal léi 'Ar ais san oifig', clár dea-bhaile de chuid na Cúirte ina gcuimsítear tacaíocht intinne, fhisiciúil agus shóisialta, atá saincheaptha don tsaoithiúlacht a bhaineann le saol agus obair hibrideach, d'fhonn an traochadh a chosc agus athléimneacht a fheabhsú; á chur in iúl gur mór aici go bhformhuiníonn an Chúirt an ceart chun dícheangail trí 'thréimhse cheangail' a thabhairt isteach nach mbítear ag dréim leis an bhfoireann a bheith ag obair nó a bheith inrochtanna lasmuigh di, seachas i gcásanna éigeandála nó i gcás ina bhfuil comhaontú déanta cheana maidir leis an teagmháil sin;

35. Ag tabhairt dá haire go bhfuil sásra frithchiaptha ina chuid de bheartas foirne na Cúirte atá comhdhéanta de líonra tacaíochta lena gcomhordaítear comhairleoirí iontaoibhe, an t-oifigeach leighis, bainisteoirí líne, an tseirbhís idirghabhála, agus an rannóg acmhainní daonna; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCúirt tuilleadh oibre a dhéanamh chun feabhas a chur ar an uirlis tuairiscithe gearán ciaptha agus ar an gcreat eitice inmheánach; á chur in iúl gurb eol di gur in 2017 a ghlac an Chúirt a beartas frithchiaptha is déanaí; ag spreagadh na Cúirte chun an beartas sin, ar seoladh athbhreithniú air in 2021, a nuashonrú d'fhonn díriú níos mó ar chosc, feasacht a mhúscailt agus na daoine éagsúla a bhfuil baint acu le soláthar tacaíochta a chomhordú agus nós imeachta tuairiscithe níos soiléire a bhunú mar aon le cur chuige níos soiléire maidir le cumarsáid;

36. Ag tabhairt dá haire gur glacadh an cinneadh maidir le hobair hibrideach i mí na Samhna 2021 agus go gcuimsítear eatraimh oibre agus fleisc-am sna dálaí oibre; ag tabhairt faoi deara go mbíonn an teilea-obair faoi réir theorainn 10 lá sa mhí;

37. Á mheabhrú gur foghlaimíodh ceacht ó na neamhrialtachtaí a rinne Karel Pinxten nuair a bhí sé ina chomhalta den Chúirt agus nárbh fhéidir aon ghníomhaiocht a dhéanamh i dtaca leis féin a bheadh ina leigheas cuimsitheach ar an dochar d'airgeadas agus clú a d'fhulaing an Chúirt agus an Aontais i gcoitinne, de bhrí nach ann d'aon bhunús dlí chun a thuarastal a aisghabháil i ndáil le laethanta neamhláithreachta le linn misin lasmuigh d'fheidhmiú a dhualgas agus i ndáil le neamhláithreachtaí eile gan údar; á chur i bhfáth, mar a léirigh an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas an 30 Meán Fómhair 2021 uaithi ([1]), gur oibrigh doiléireacht na rialacha inmheánacha i bhfabhar a mhí-iompair, rud a ceadaíodh freisin mar thoradh ar na heasnaimh sna rialuithe a bhí curtha i bhfeidhm; á aithint go bhfuil gníomhaíochtaí idir lámha ag an gCúirt maidir leis an ábhar sin, trí chomhoibriú leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), trí dhíolúintí a tharscaoileadh agus an nós imeachta faoi Airteagal 286(6) CFAE á thabhairt i gcrích go rathúil; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Chúirt gach rud a bhfuil sé de chumhacht aici a dhéanamh ionas nach dtiocfaidh cásanna cosúil leis sin chun cinn amach anseo agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí tiomanta do thacaíocht a thabhairt don Chúirt agus a bheith ag obair i gcomhar leis an gCúirt agus an coigeartú is gá á ndéanamh aici ar a rialacha inmheánacha; ag tabhairt dá haire gur cheart don Chúirt gníomhú mar chaomhnóir ar airgeadas an Aontais agus gur cheart di na caighdeáin eiticiúla is airde a chur i bhfeidhm go háirithe maidir leis na daoine a bhfuil ardoifig acu le hinstitiúidí an Aontais;

38. Ag tabhairt dá haire nár chumhdaigh bunú clár tinrimh, go dtí 2020, ach an líon beag cruinnithe fisiciúla a bhí ag coláiste comhaltaí na Cúirte, d'aineoinn na ceanglais a bhí curtha in iúl ag an bParlaimint; ag tabhairt dá haire, le Cinneadh Uimh. 21-2021 ón gCúirt, go bhfuil rannpháirtíocht na gcomhaltaí ag cruinnithe eile le taifeadadh sa chlár tinrimh freisin agus á athdhearbhú an iarraidh a rinneadh gach bliain ó urscaoileadh 2017 go gcuirfí síneadh leis an gclár tinrimh chun laethanta oibre, misin, tréimhsí saoire agus neamhláithreachtaí a bhfuil údar leo a chumhdach chun mapáil chruinn a dhéanamh ar an obair a dhéanann na comhaltaí agus mar uirlis chun cosc réamhghníomhach a chur ar chásanna neamhláithreachta a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur i bhfios go bhfuil sé d'oibleagáid ar chomhaltaí na Cúirte iad féin a chaitheamh go hiomlán chun a sainordú a chomhlíonadh; á aithint gur cuireadh clár tinrimh na gcomhaltaí do 2021 ar fáil do chomhaltaí Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach i mí Eanáir 2022; á athdhearbhú gur iarr sí nuashonruithe bliantúla ar an gclár tinrimh a fháil chun gur féidir é a mheas le linn an nós imeachta um urscaoileadh;

39. Ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, tar éis mholadh na Parlaiminte, go bhfuil Airteagal 10(1) nua san áireamh i gcód iompair leasaithe na Cúirte dá comhaltaí reatha agus dá hiarchomhaltaí arna fhoilsiú an 2 Bealtaine 2022, airteagal ina sonraítear go gcaithfidh 'Comhaltaí na Cúirte a ndúthracht lena sainordú a chomhlíonadh. Beidh cónaí orthu san áit ina bhfuil a suíomh ag an gCúirt'; á mheas go bhfuil an fhoráil leasaithe sin i gcomhréir leis an léirmhíniú atá tugtha ag an bParlaimint, le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus leis na caighdeáin eiticiúla a mbítear ag dréim leo ón gCúirt; ag tabhairt dá haire gur i Lucsamburg i láthair na huaire atá a bpríomháit chónaithe ag comhaltaí uile na Cúirte;

40. Ag tabhairt dá haire go ndeonaítear an liúntas suiteála i gcás comhalta den Chúirt ar choinníoll go soláthraíonn an comhalta den Chúirt fianaise nár mhór athrú cónaithe a dhéanamh chun dul i mbun dualgas chun go mbeifí in ann cloí leis an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 20 de na Rialacháin Foirne; á chur in iúl go dtuigtear di go ndearnadh bainistiú chearta airgeadais uile na foirne agus bhaill na Cúirte, lena n-áirítear an liúntas suiteála, a tharmligean chuig Oifig Phámháistir an Choimisiúin (PMO), a iarrann na doiciméid tacaíochta riachtanacha agus a fhíoraíonn bailíocht na ndoiciméad sin; ag tabhairt dá haire go ndearna Oifig Phámháistir an Choimisiúin rialú *ex post* in 2021 ar an liúntas suiteála arna iarraidh sin ag an gCúirt agus gur thuairiscigh sé na torthaí don Chúirt, á léiriú nár tharla aon neamhrialtacht in 2021;

41. Ag tabhairt dá haire gur geal léi an tsraith rialacha agus na téarmaí úsáide atá glactha ag an gCúirt le deireanas chun úsáid phríobháideach an fhlít gluaisteán a rialú; á chur in iúl go dtuigtear di go gceanglaítear ar chomhaltaí na Cúirte anois na costais iarbhír a tabhaíodh i gcás úsáid ghluaisteáin nár bhain le misean a chumhdach agus turais eile a bhaineann le feidhmiú dualgas a chumhdach sa chás nach mbeidís cumhdaithe faoin líon caighdeánach ciliméadar socraithe a leithdháiltear le haghaidh úsáid den sórt sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil mearbhall ar an gcóras nua a tugadh isteach leis an gcinneadh sin agus nach léiríonn sé a éifeachtúlacht riaracháin líomhnaithe; ag athdhearbhú a tuairime a cuireadh in iúl sna rúin maidir le hurscaoileadh roimhe seo gur cheart úsáid an chabhlaigh gluaisteán a theorannú d'fheidhmiú dhualgais na bhfeisirí; ag tabhairt dá haire go bhfuil rialacha éagsúla ann maidir le gluaisteáin oifigiúla a úsáid in institiúidí an Aontais gan aon údar dealraitheach a bheith leo; á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha comhchoiteanna a mholadh maidir le gluaisteáin oifigiúla a úsáid d'institiúidí uile an Aontais;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Chúirt Iomlán) an 30 Meán Fómhair 2021, *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa v Karel Pinxten*, C-130/19, ECLI:EU:C:2021:782.

42. Á áitiú gur fíor-riachtanas iad misin chun ról na Cúirte a chomhlíonadh agus deis a thabhairt dá comhaltaí gníomhú mar ambasadóirí ón gCúirt ina dtíortha baile faoi seach; á chur in iúl gur geal léi go bhfoilsíonn an Chúirt faisnéis maidir leis na misin a rinne a comhaltaí ar a suíomh gréasáin ach á áitiú go bhfuil sé contrártha do chaighdeáin trédhearcachta agus cuntasachta a bhfuiltear ag súil leo ón gCúirt gan faisnéis faoi mhisin a rinneadh sna blianta roimhe sin a choinneáil ar a suíomh gréasáin ar feadh níos mó ná tréimhse an-teoranta; ag tacú, ar an gcaoi chéanna, lena hiarraidh ar son trédhearcacht maidir le cuspóirí agus costais mhisin na Cúirte agus á iarraidh ar an gCúirt tuairisciú don údarás um urscaoileadh faoi chásanna inar braitheadh neamhrialtachtaí leis na rialuithe *ex ante* agus *ex post*; ag diúltú do mheasúnú agus do chinneadh na Cúirte gan dul isteach i gClár Trédhearcachta an Aontais agus ag spreagadh na Cúirte machnamh a dhéanamh arís ar an ábhar, ag athdhearbhú a hiarrata láidir ar an gCúirt dul isteach i gClár Trédhearcachta an Aontais, rud nach gcuirfidh aon bhac ar neamhspleáchas iomlán na Cúirte;

43. Á chur in iúl gur geal léi an cinneadh misin na bhFeisirí a fhoilsiú tar éis na bliana reatha, ach á mheabhrú a thábhachtaí atá sé clár oibre an fheisire a fhoilsiú ina iomláine, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí poiblí agus gairmiúla;

44. Á iarraidh ar an gCúirt a áirithiú go bhfuil rialacha reatha in ann aon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as orduithe misin a chosc, rud a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar ionracas, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a comhaltaí; á iarraidh go háirithe go ndéanfar cúraimí agus freagrachtaí comhalta agus é ar mhisean a shonrú go soiléir chun aon chineál mí-iompair a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint;

45. Ag tarraingt aird na Cúirte ar mholadh 2021 ó sheirbhís na Cúirte um iniúchóireacht inmheánach (IAS) chun a áirithiú go ndéanfaidh Oifig an Phámháistir seiceálacha éifeachtacha ar chaiteachas misean, go háirithe trí threoir mhisin na Cúirte a chur i bhfeidhm go cruinn, agus éascaíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcinntí nua a bhaineann le bainistiú agus úsáid an fhlít gluaisteán, na rialacha maidir le caiteachas na hionadaíochta, na rialacha maidir le hoiliúint ghairmiúil agus an cód iompair le haghaidh comhaltaí reatha agus iarchomhaltaí na Cúirte, go háirithe trí threoir bhreise a chur ar fáil do na gníomhaithe uile atá i gceist;

46. Ag tabhairt faoi deara gur earcaigh an Chúirt 55 oiliúnaí in 2021, agus go bhfuair siad uile liúntas míosúil seachas duine amháin acu nach raibh ina theideal de bharr go raibh an t-oiliúnaí sin rannpháirteach i gcreat cláir Ollscoile; á iarraidh ar an gCúirt na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go bhfaighidh a cuid oiliúnaithe uile luach saothair cuibhiúil;

**Creat eitice agus trédhearcacht**

47. Á chur in iúl gur geal léi an próiseas athchóirithe atá ar siúl faoina bhfuil an Chúirt ag déanamh de réir na moltaí a bhí san áireamh i rúin um urscaoileadh roimhe seo, ar moltaí iad a bhí spriocdhírithe ar ghnéithe den bhainistiú airgeadais, trédhearcacht agus iompar eiticiúil;

48. Á chreidiúint, de bharr ról na Cúirte agus a thábhachtaí atá sí mar iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais agus mar chaomhnóir a chúrsaí airgeadais, go bhforchuirtear tacar critéar measúnaithe an-dian ar an údarás um urscaoileadh agus go bhforchuirtear ar an gCúirt tiomantas gníomhú de réir na gcaighdeán is airde is féidir; ag cur béim ar an bhfíoras ina leith sin, amhail a rinneadh sna rúin um urscaoileadh roimhe seo, go mbítear ag súil le caighdeáin an-ard ó uasfhorais iniúchóireachta amhail an Chúirt agus, ar an ábhar sin go gcaithfidh siad gníomhú mar eagraíochtaí eiseamláireacha agus muinín agus creidiúnacht a spreagadh agus go gcaithfidh an cheannaireacht an dea-shampla a thabhairt trína bearta féin i dtreo caighdeáin den sórt sin a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, gur thogh a chomhaltaí uachtarán reatha na Cúirte, a thugann ráthaíochtaí breise go mbeidh taithí shuntasach acu in institiúidí an Aontais agus in ábhair a bhaineann leis an iniúchadh ar bhainistiú acmhainní airgeadais an Aontais;

49. Ag tabhairt dá haire, maidir le coiste eitice na Cúirte agus an nós imeachta chun é a cheapadh, go bhforáiltear le nósanna imeachta inmheánacha na Cúirte go bhfuil sé de shaincheart ag Uachtarán na Cúirte iarrthóirí a mholadh do choláiste comhalta na Cúirte; ag tabhairt faoi deara gur trí thromlach a ghlactar cinneadh an choláiste comhaltaí a ainmniú ar an gcoiste eitice; á thabhairt chun suntais, thairis sin, de réir Airteagal 285 CFAE, go bhfuil comhaltaí na Cúirte go hiomlán neamhspleách agus, dá bhrí sin, nach mór don choiste eitice a bheith go hiomlán neamhspleách chomh maith; á iarraidh an athuair ar an gCúirt athmhachnamh a dhéanamh ar na rialacha maidir le ceapadh agus comhdhéanamh an choiste eitice; á iarraidh arís ar choiste eitice na Cúirte tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar phríomhthorthaí na tuarascála iniúchóireachta inmheánaí ar an eitic, a iarradh cheana féin maidir leis na hurscaoilte do 2020 agus 2019;

50. Á athdhearbhú go leagtar síos go sainráite mar oibleagáid sa chód iompair leasaithe do chomhaltaí reatha agus d'iarchomhaltaí na Cúirte dearbhú leasanna bliantúil a chur isteach, ach gur cheart don Chúirt an córas reatha a athneartú chun a áirithiú go mbeidh na caighdeáin is airde á gcomhlíonadh ag a comhaltaí maidir le hiompar eiticiúil agus na luachanna agus prionsabail eitice a gcaithfear cloí leo, amhail ionracas, neamhspleáchas, oibiachtúlacht, iompar gairmiúil, dínit, tiomantas agus dílseacht;

51. Ag tabhairt dá haire gurb éard a bheidh sa struchtúr tacaíochta maidir le comhairle eiticiúil, coiste eitice, comhairleoirí eitice, tairseach trédhearcachta agus foireann oiliúna a leagfar mar chúram uirthi clár oiliúna a fhorbairt ina mbeidh cúrsa ar an eitic, comhdhálacha agus ceardlanna agus a bheidh dírithe ar mhúscailt feasachta agus ar shainoiliúint a chur ar fáil do na comhairleoirí iontaoibhe ar thopaicí a bhaineann le ciapadh; ag tabhairt faoi deara gur fhreastail 131 rannpháirtí ar na seisiúin oiliúna ar an eitic, atá éigeantach do dhaoine nua, agus na seisiúin faoin gcomhionannas deiseanna agus frithchiapadh freisin, agus go ndéantar iad a chomhlanú le seisiúin thiomnaithe do bhainisteoirí, comhairleoirí eitice agus comhairleoirí iontaoibhe;

52. Á chur in iúl gurb eol di gur chuir an Chúirt tús, in 2021, le próiseas a creat eitice don fhoireann a nuashonrú; á aithint gur comhairleoir seachtrach a rinne an mheastóireacht ar chreat eitice na Cúirte agus go raibh na moltaí uaidh, a eisíodh in 2022, bunaithe ar shuirbhé foirne, ceardlann leis an bhfoireann, agallaimh le bainisteoirí agus athbhreithiú doiciméad; á chur in iúl go dtuigtear di gurb é nuashonrú threoirlínte eitice na Cúirte an chéad ghníomh le déanamh i ndiaidh na hanailíse, agus go mbeidh na rialacha maidir le sceithireacht le nuashonrú ansin;

53. Á chur in iúl gur geal léi nuashonrú an chóid iompair do chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí na Cúirte mar bheart leanúnach de dhroim bharúlacha na Parlaiminte san urscaoileadh roimhe seo; á chur i bhfáth, agus ag tógáil ar mholtaí na Parlaiminte, go dtugtar isteach leis an gcód iompair an oibleagáid go mbeidh cónaí ar na comhaltaí san áit a bhfuil ceanncheathrú na Cúirte suite, go rialaítear leis an gcód an caidreamh conarthach idir na comhaltaí agus an fhoireann a rialú, agus go gcuirtear teorainn leis ar na féidearthachtaí maidir le rannpháirtíocht na gcomhaltaí sa pholaitíocht; á chur in iúl gur geal léi go háirithe go gcuireann Airteagal 12 (2) nua cosc ar chomhaltaí oifigí oinigh nach bhfaightear íocaíocht astu a bheith acu in eagraíochtaí polaitiúla, rud a ráthaíonn neamhspleáchas iomlán a chomhaltaí;

54. Ag tabhairt faoi deara, maidir leis an mbeartas frithchalaoise, gur tháinig an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ar an gconclúid in 2021 nach ann d'aon doiciméad ina ndéantar comhdhlúthú ar bheartas frithchalaoise na Cúirte agus nach ann d'aon straitéis frithchalaoise uile-Chúirte;

55. Á chur i bhfios maidir leis na rialuithe inmheánacha a mbaintear leas astu chun calaois inmheánach a bhrath, go measann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach go dteastaíonn cur chuige níos struchtúrtha maidir lena ndoiciméadú, maidir leis an nasc idir iad agus na measúnuithe riosca agus maidir leis na hacmhainní a thiomnaítear do bhainistíocht an riosca chalaoise agus d'éifeachtacht na bainistíochta sin; á iarraidh ar an gCúirt beart a dhéanamh de réir mar atá molta ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus teachtaireacht níos soiléire a chur ar fáil maidir le ról na Cúirte sa chomhrac in aghaidh na calaoise;

56. Á iarraidh go gcuirfí deireadh le húsáid cuideachtaí seachtracha a leanann de bheith ag feidhmiú sa Rúis, de réir rangú Ollscoil Yale ([2]);

**Digiteáil, cibearshlándáil agus cosaint sonraí**

57. Ag tabhairt faoi deara gur EUR 9 141 000, lena n-áirítear aistrithe, a bhí sa bhuiséad iomlán TF in 2021, i gcomparáid le buiséad TF EUR 10 093 000 in 2020 agus EUR 8 085 000 in 2019; á chur i bhfios go raibh údar leis na méaduithe, in 2020 agus 2021 araon, faoi seach mar gur thóg sé cúig bliana stóras TF na Cúirte a athionadú agus mar gheall ar na hinfheistíochtaí a rinneadh chun an Chúirt a chur in oiriúint don obair hibrideach;

58. Ag aontú gur trasphróiseas fud fad na heagraíochta uile atá sa chlaochlú digiteach, a tháinig chun cinn i dtionscnaimh éagsúla in 2021, lena n-áirítear teicneolaíochtaí a fhorbairt lena soláthraítear eispéireas hibrideach don úsáideoir, uasghrádú chóras stórála sonraí na Cúirte, aistriú an láithreáin athshlánaithe ó thubaiste agus athneartú shlándáil na gcóras TF;

([2]) https://som.yale.edu/story/2022/over-1000-companies-have-curtailed-operations-russia-some-remain

59. Á aithint go ndearna an Chúirt iarrachtaí in 2021 freisin chun dul in oiriúint do choinníollacha oibre atá ag athrú, agus claochlú digiteach na hiniúchóireachta a chothú agus an teicneolaíocht agus na cleachtais ar fud na heagraíochta a uasghrádú chun go mbeidh seirbhís éifeachtach iniúchóireachta poiblí á cur ar fáil san Aontas i gcónaí; á chur in iúl gurb eol di, nach ndéanfar dul chun cinn breise ina leith sin gan sonraí inrochtana a bheith curtha ar fáil san fhormáid a theastaíonn ag an gCoimisiún nó ag na Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun a bheith ag obair i dtreo na hidir-inoibritheachta;

60. Á chur in iúl go dtuigeann sí di freisin, in 2021, agus na srianta de bharr phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh, gur ar bhonn digiteach a rinneadh próiseas iomlán na hiniúchóireachta, geall leis, lena n-áirítear ag ullmhú don iniúchadh, fianaise a bhailiú agus nósanna imeachta na sáraíochta agus gur físghlaonna, lena n-áirítear cianateangaireacht i gcás inar ghá, a cuireadh in áit misin chuig na Ballstáit;

61. Á chur in iúl gur mór aici na garspriocanna tábhachtacha sa ghné dhigiteach don Chúirt in 2021, amhail próiseas róbatach a tugadh isteach do sheirbhísí uathoibrithe, próiseas a tugadh isteach chun laghdú a dhéanamh ar obair atriallach íseal-luacha d'fhoirne iniúchóireachta, uathoibriú iniúchóireacht na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin, mar chuid den phróiseas iniúchóireachta rialta, agus cur chun feidhme córas úrnua néalbhunaithe bainistithe iarrataí ar aistriúcháin;

62. Á chur in iúl gur geal léi cur chun feidhme an phlean cibearshlándála don tréimhse 2018-2021 a bheith tugtha chun críche agus gur glacadh plean cibearshlándála nua don chéad trí bliana eile (2022-2024), lena bheartaítear aistriú de réir a chéile go dtí ailtireacht iontaoibhe nialasaí, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála ar fud institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire nár braitheadh aon chibirionsaí rathúil ábhartha ar an gCúirt in 2021 agus á chur in iúl go dtuigeann sí a thábhachtaí atá sé don Chúirt a bheith ag comhoibriú leis an bhFoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí (CERT-EU); á iarraidh ar an gCúirt aird ard a choinneáil ar chibearbhagairtí agus ar an tslándáil faisnéise, go háirithe toisc gur tháinig méadú suntasach ar líon na gcibearionsaithe tromchúiseacha le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil institiúidí uile an Aontais tarraingteach d'ionsaitheoirí a d'fhéadfadh a bheith ann; ag moladh don Chúirt measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bonneagar TF;

63. Ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt óstáil i gcomhpháirt, in 2021, ar an ócáid tosaigh le haghaidh Mí Eorpach na Cibearshlándála agus go ndearna an t-oifigeach um éagsúlacht agus um chuimsiú de chuid na Cúirte comhordú ar cheann de na príomhsheisiúin den ócáid tosaigh a bhain le mná sa chibearshlándáil, áit a raibh grúpa éagsúil ban ó chúlraí éagsúla ag malartú tuairimí maidir le hinspreagadh na mban chun dul le réimse na cibearshlándála agus na teicneolaíochta;

64. Ag tabhairt dá haire go ndearnadh cinneadh, in 2021, maidir le treisiú na línte buiséid le haghaidh infheistíocht i dtrealamh agus seirbhísí a raibh baint acu den chuid is mó le hobair hibrideach agus leis an digiteáil, agus gur baineadh leas a leithreasuithe breise freisin chun acmhainneachtaí cibearshlándála na Cúirte a neartú, infheistíocht a dhéanamh i gcóras nua bainistithe iarrataí ar aistriúcháin agus córas nua bainistithe geallsealbhóirí, agus chun an réiteach Aontais i gcomhair sínithe leictreonacha a chur chun feidhme;

65. Á chur in iúl gur geal léi gur cinneadh saor-bhogearraí foinse oscailte a chur chun feidhme mar ghnéithe fíorthábhachtacha den Chúirt, amhail Linux mar chóras oibriúcháin i gcás roinnt freastalaithe bonneagair TF, agus an bogearra foinse oscailte Belenios mar chóras vótála le haghaidh vótáil faoi rún agus an bogearra foinse oscailte Nagios d'foirne oibríochtaí TF na Cúirte; ag tabhairt faoi deara go bhfuil NextCloud, bogearra foinse oscailte, in úsáid ag an gCúirt chun doiciméid a mhalartú leis na hiniúchaithe faoi chuimsiú an chórais ECAFiles a oibríonn faoi na caighdeáin slándála agus na caighdeáin um chosaint sonraí pearsanta is airde;

66. Á chur in iúl gur geal léi go ndéantar comhaontuithe próiseála sonraí a chur chun feidhme i gcás ar bith ina mbíonn sonraí á bpróiseáil ag tríú páirtithe agus go ndéanfaidh an Chúirt a áirithiú, mar rialaitheoir, go gcomhlíontar Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus go bhfuil smacht iomlán aici ar na hoibríochtaí próiseála; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag dul i gcomhairle le hoifigeach na Cúirte um chosaint sonraí ar bhonn sistéamach faoi ábhair a bhaineann le próiseáil sonraí agus bearta teicniúla agus eagraíochtúla;

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**Foirgnimh agus slándáil**

67. Á chur in iúl gur mór a meas ar chur chuige na Cúirte dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus le hionadaithe sula gcinneann sí ar thionscnaimh i réimse an athchóirithe foirgneamh; ag spreagadh na Cúirte chun riachtanais daoine faoi mhíchumais, chomh maith leis an inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach, a chur san áireamh sna tionscnaimh sin;

68. Ag tabhairt dá haire go bhfuil an obair ar nuachóiriú fhoirgneamh K2 ag leanúint ar aghaidh de réir mar a beartaíodh, gur cuireadh urláir a ceathair agus a cúig i gcrích ag deireadh mhí na Nollag 2021 agus go bhfuil siad i ngníomh go hiomlán, go bhfuil an obair ar urláir a dó agus a trí, agus ar an innealra téite, aerchóirithe agus aerála atá á athionadú, ag dul ar aghaidh go maith; ag tabhairt faoi deara, i ndiaidh teagmhas inar thit codanna den ghloiniú de aghaidh K1 in 2019 agus buiséad leordhóthanach a bheith aistrithe, gur chinn coiste riaracháin na Cúirte scannáin chosanta a shuiteáil ar an ngloiniú agus é deisithe, agus go bhfuil 95 % den obair sin curtha i gcrích;

**Comhshaol agus inbhuanaitheacht**

69. Á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh, in 2021, an chéad tuarascáil inbhuanaitheachta ón gCúirt, arna dréachtadh i gcomhréir le caighdeáin an Tionscnaimh Tuairiscithe Domhanda, a leanann bunú na hinbhuanaitheachta mar shaincheist thrasnach i straitéis na Cúirte don tréimhse 2021-2925;

70. Á iarraidh ar an gCúirt plean soghluaisteachta struchtúrtha a ghlacadh lena gcuimseofar roinnt gluaisteán, spásanna páirceála rothar agus luchtairí cadhnraí leictreacha agus féachaint an bhféadfaí buiséad carbóin a ríomh i gcomhair costais mhisean, chun gur ar bhonn tionchair agus costais a roghnófar an modh iompair; ag tabhairt moladh don Chúirt as pointí luchtaithe le haghaidh gluaisteáin leictreacha agus hibrideacha a bheith suiteáilte ina háitribh;

71. Á chur i bhfáth go raibh titim 24 % ar an ídiú fuinnimh iomlán idir 2014 agus 2021, ach gur tháinig méadú 0,8 % air idir 2020 agus 2021 mar thoradh ar ró-ídiú de bharr úsáid fhaidréiseach na gcóras aerála i gcomhthéacs bearta coisctheacha a bhain le paindéim COVID-19; á iarraidh ar an gCúirt a áirithiú go suiteálfar painéil ghréine ar dhíonta a háitreabh;

72. Á chur in iúl gurb eol di, maidir le measúnú bliantúil 2021 ón gCúirt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trína ndéantar faireachán ar a hiarrachtaí a lorg carbóin a laghdú, go léirítear gurbh ionann na hastaíochtaí iomlána agus 7 578 tCO2eq, i gcomparáid le 10 699 tCO2eq in 2014 (an bhonnlíne), agus á lua gurb ionann sin agus laghdú 3 121 tCO2eq ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in imeacht na tréimhse sin;

73. Á chur i bhfios go raibh laghdú 62 % ar an nginiúint dramhaíola ó 2019 go 2021 agus laghdú 18,7 % ó 2020 go 2021, gur baineadh ráta athchúrsála 59 % agus ráta sórtála 82 % amach in 2021, agus gur rannchuidigh an córas bailithe uisce báistí, a raibh toilleadh stórála iomlán 95 $m^3$ i gceist leis agus a úsáideadh le haghaidh cothabháil gairdíní den chuid is mó, chun an t-ídiú uisce ar an iomlán a laghdú;

74. Á lua go bhfuil an Chúirt ina comhcheannaire ar an ngrúpa tionscadail ‘Preparing for future risks and climate crisis: time for audit to take a long-term view?’ [Ullmhú do rioscaí sa todhchaí agus don ghéarchéim aeráide: An bhfuil sé in am ag an iniúchóireacht a bheith fadbhreathnaitheach?], agus ina comhalta de ‘Inspiring More Sustainability (IMS) Luxembourg’, líonra cuideachtaí agus eagraíochtaí atá bunaithe i Lucsamburg a bhfuil gealltanas tugtha acu maidir le freagracht shóisialta chorparáideach;

75. Á chur in iúl go n-aithníonn sí go ndearnadh dul chun cinn leis an ídiú páipéir a laghdú agus ag spreagadh na Cúirte chun forbairt bhreise a dhéanamh ar na heispéiris a fuarthas le linn phaindéim COVID-19 chun an t-ídiú páipéir a laghdú;

**Comhar idirinstitiúideach**

76. Á chreidiúint go leagtar mar dhualgas le misean na Cúirte comhordú níos déine a dhéanamh leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, a bheith i gcaidreamh fiúntach leis an gCoimisiún ina ról mar phríomhiniúchaí agus comhar níos dlúithe a bhunú leis na Ballstáit, le rialtais, go háirithe ag cur san áireamh an ról bunriachtanach atá acu maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, agus leis na parlaimintí náisiúnta agus na huasfhorais iniúchóireachta eile;

77. Ag tabhairt dá haire gur síníodh comhaontú tríthaobhach nua idir an Chúirt, an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) i mí na Samhna 2021; á chur in iúl gur geal léi go dtabharfaidh an comhaontú sin deis ar rochtain bhreise agus ar chuíchóiriú níos fearr ar dhoiciméid iniúchta BEI, ach gurb oth léi mar sin féin nach dtugann an comhaontú an réiteach forleathan a bhí á iarraidh ag an bParlaimint; á chur in iúl gurb eol di nach bhfuil sainordú ag an gCúirt chun iniúchóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí ina n-úsáidtear cistí dílse BEI go heisiach; á athdhearbhú go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh rochtain iomlán ag an gCúirt ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le hoibríochtaí BEI atá beartaithe chun beartais Aontais a chur chun feidhme agus chuige sin amháin; ag aontú leis an gCúirt, maidir le gníomhartha dlíthiúla Aontais amach anseo a bhaineann le sainorduithe a bhronnadh ar BEI chun beartais Aontais a chur chun feidhme, go bhfuil deis ann chun sainordú cuimsitheach agus soiléir a lánpháirtiú lena gcumhachtófar an Chúirt, i gcomhréir leis na Conarthaí, chun iniúchóireacht a dhéanamh ar ghnéithe feidhmíochta na mbeart uile a rinneadh, bunaithe ar na gníomhartha dlíthiúla sin, agus rochtain iomlán a bheith aici ar aon doiciméad a mheasfaidh sí a bheidh riachtanach chun na críche sin; á iarraidh ar an gCoimisiún an tuairim ón gCúirt a fháil roimh ghníomhartha dlíthiúla den sórt sin a mholadh;

78. Ag tabhairt dá haire gur síníodh meabhrán tuisceana idir an Chúirt agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) maidir le iniúchóirí na Cúirte a dhéanann oibreacha ghearrthéarmacha chun tacaíocht a thabhairt mar shaineolaithe ábhair d'obair bhord iniúchóirí SCE;

79. Á chur in iúl gur geal léi gur síníodh socrú oibre le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), a thugann creat struchtúrtha comhair agus a fhágann go bhféadfaidh an Chúirt cásanna a aistriú go díreach chuig OIPE; á chur in iúl gur mór a meas ar an dian-idirphlé le OLAF a thug oscailt thapa ar imscrúduithe i sé chás in 2021 i ndiaidh don Chúirt faisnéis ábhartha a tharchur; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhar níos láidre idir an Chúirt, OIPE, OLAF agus an tOmbudsman Eorpach chun dúbláil imscrúduithe a sheachaint agus ag cur béim ar an ngá atá le réimsí leasa fhrithpháirtigh a phlé;

80. Ag tabhairt faoi deara go bhfuil an Chúirt ina comhalta gníomhach d'Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI) agus ar an 30 comhalta bunaidh d'Eagraíocht Eorpach na nUasfhoras Iniúchóireachta (EUROSAI), an chraobh Eorpach de INTOSAI; á lua go gcomhoibríonn an Chúirt le huasfhorais iniúchóireachta eile agus le heagraíochtaí iniúchóireachta idirnáisiúnta go déthaobhach, le huasfhorais iniúchóireachta na 27 mBallstát, agus go hiltaobhach freisin, faoi chuimsiú Choiste Teagmhála Uasfhorais Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh, agus go dtugann an Chúirt tacaíocht freisin d'uasfhorais iniúchóireachta na dtíortha is iarrthóirí, agus na dtíortha is iarrthóirí féideartha, ar bhallraíocht an Aontais; á chur in iúl go n-aithníonn sí go bhfuil an Chúirt ar na 25 chomhalta den Fhóram um Cheannaireacht Dhomhanda san Iniúchóireacht a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí iniúchóireachta chomhaltaí na n-uasfhoras iniúchóireachta, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna domhanda agus straitéiseacha, agus rannchuidiú le pobal INTOSAI;

81. Ag tabhairt dá haire go gcothaíonn an Chúirt an comhar idirinstitiúideach, agus go mbaineann sí leas as comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse ar mhaithe le húsáid acmhainní a bharrfheabhsú agus coigilteas a dhéanamh agus tairbhiú freisin de shaineolas sonrach a comhpháirtithe; ag tabhairt faoi deara as measc na gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse go ndearnadh comhaontú amháin díobh le hoifig Phámhaistir an Choimisiúin lena gcumhdaítear bainistiú pinsean, misin, cearta airgeadais agus cúrsaí párolla, comhaontú eile a bhaineann le soláthar seirbhísí acmhainní daonna, agus comhaontuithe eile a bhaineann le hateangaireacht, aistriúchán agus foilsiú; á lua go bhféadfar raon feidhme na gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a leathnú trí bhíthin leasuithe, rud a rinneadh in 2021 maidir le seirbhísí imréitigh slándála acmhainní daonna a chur ar fáil i ndiaidh Cinneadh Uimh, 41/2021 ón gCúirt Iniúchóirí a ghlacadh maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe Aontais a chosaint (FRAE) ([4]);

82. Á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil an Chúirt ina comhalta den Bridge Forum Dialogue, eagraíocht atá bunaithe i Lucsamburg agus a bhfuil mar aidhm aici plé a spreagadh ar na ceisteanna a bhaineann leis an Eoraip, agus forais agus gníomhaireachtaí osnáisiúnta, forais náisiúnta, an tsochaí shibhialta agus an saol acadúil a thabhairt le chéile;

**Cumarsáid**

83. In 2021, sannaíodh buiséad EUR 205 000 don chumarsáid agus do ghníomhaíochtaí maidir le cur chun cinn, agus aistríodh EUR 70 000 as an mbuiséad tosaigh EUR 275 000 do línte buiséid eile i gcaitheamh na bliana; ag tabhairt faoi deara go raibh ráta tomhaltais 79,93 % (EUR 151 562) i gceist;

([4]) IO L 256, 19.7.2021, lch. 106.

84. Á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh Coiste Tadhaill Uas-Institiúidí Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh coimre Iniúchóireachta i mí Iúil 2021 ar an bhfreagairt ar COVID-19, ina dtugtar faisnéis maidir le tionchar na paindéime agus an fhreagairt uirthi, ar an leibhéal náisiúnta agus osnáisiúnta, agus gur seoladh rannóg nua COVID-19 ar shuíomh gréasáin an Choiste Teagmhála chun éascaíocht a dhéanamh ar fhaisnéis níos tráthúla agus níos leanúnaí maidir le hobair iniúchóireachta ábhartha arna déanamh ag Uas-Institiúidí Iniúchóireachta an Aontais;

85. Á chur in iúl gur mór aici gur foilsíodh, in 2021, an plean cumarsáide i ndáil le héagsúlacht agus cuimsiú, plean ina bhfuil faisnéis maidir le cuspóirí cumarsáide na Cúirte, an spriocphobal, na geallsealbhóirí, teachtaireachtaí, na cainéil chumarsáide agus faireachán;

86. Ag spreagadh na Cúirte chun rannpháirtíocht a bhunú leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí d'fhonn úsáid a bhaint as dhá ardán meán sóisialta foinse oscailte, EU Voice agus EU Video, a seoladh mar threoirthionscadal poiblí chun úsáid na líonraí meán sóisialta saor agus foinse oscailte a chur chun cinn; ag spreagadh na Cúirte thairis sin chun líonraí sóisialta díláraithe malartacha a úsáid de rogha ar ardáin ar líne an-mhór, amhail ardán Mastodon;

87. Á iarraidh arís ar an gCúirt a hiarrachtaí cumarsáide a mhéadú d'fhonn a nasc le saoránaigh a neartú, trí sheasamh le breis trédhearcachta ina hoibríochtaí, trí úsáid níos mó a dhéanamh de na teicneolaíochtaí digiteacha, trí straitéis chumarsáide a shaothrú a thugann deis braistint agus tuiscint cheart a fháil ar ról na Cúirte agus mar a luíonn sí isteach le fís an Aontais agus cuireann sí feabhas ar infheictheacht na Cúirte sna Ballstáit éagsúla.